

*Trí bhronntanas
fhoighneach an churaim
agus an ómóis a thugtar
dúinn nuair atáimid
leochaileach go fisiciúil
agus go spioradálta,
buailimid le comharthaí
grá Dé agus le beatha
slánaithe ríocht Dé atá
beo i gcónaí sa domhan.*



*Séard atá i gcomaoin na
naomh ná an cumann
grámhar, an cumann sa
bheatha síoraí, a bhfuil ár
dtriall trí ghrásta Chríost.*



Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag. Lá atá ann chun tuiscint a chothú ar bhrí agus ar fhiúntas an bheatha daonna ag gach céim agus ag gach staid den saol:
www.dayforlife.org

Acmhainní

LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

www.catholicbishops.ie

láithreán gréasáin

Comhdháil na nEaspag Éireannach

www.dayforlife.org

láithreán gréasáin Lá don Bheatha

ROINNT FOILSEACHÁIN ÁBHARTHA

Tréadlitir: *Living with Dying*

Comhdháil na nEaspag Éireannach

Deireadh Fómhair 2002

End of Life Care – Ethical and Pastoral Issues
Coiste Bitheitic na nEaspag Éireannach 2002

Le fáil ó Oifig Chumarsáide

na hEaglaise Caitlicí

www.catholicbishops.ie

Paidir do Lá don Bheatha

Imigh leat, a anam Chríostaí,
ón domhan seo in ainm Dé an t-athair
uilechumhachtach,
a chruthaigh tú,
in ainm Íosa Críost,
Mac Dé bheo a d'fhulaing ar do shon,
in ainm an Spioraid Naoimh,
a bhí curtha amach ort.
Imigh leat, a Chríostaí dílis.

Go maire tú le síocháin an lá seo,
go mbeidh do theaghlach le Dia i Síón,
le Muire, máthair mhaighdeanúil Dé,
le lósaef, agus leis na haingil agus leis na naoimh...

Go bhfille tú ar ais chuig do Chruthaitheoir
a chruthaigh tú de chré na talún.
Go bhfáiltí Muire bheannaithe,
na haingil agus na naoimh
go léir romhat mar a imíonn tú ón saol seo.
Go bhfeice tú do Shlánaitheoir i do láthair.



LÁ DON BHEATHA
AN DOMHNACH, 3ú DEIREADH FÓMHAIR 2010

A Thiarna,
dóibh siúd a chreideann ionat,
tagann athrú ar an mbeatha,
ní thagann críoch léi

LÁ DON BHEATHA
AN DOMHNACH,
3ú DEIREADH FÓMHAIR 2010



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN

A Thiarna, dóibh siúd a chreideann ionat, tagann athrú ar an mbeatha, ní thagann críoch léi.

Séard atá i Lá don Bheatha ná an lá atá tiomnaithe ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag chun dínit an bheatha daonna ón ghiniúint go dtí an bás nádúrtha a cheiliúradh. I mbliana, an téama atá ag Lá don Bheatha ná an brí atá le bás Críostaí agus an cúram ar chóir a thabhairt dóibh siúd atá ag fáil bháis.

Níor chruthaigh Dia sinn don bhás ach don bheatha. Nuair a théimid i dteagmháil le mistéir an bháis sa phaidreoireacht sa smaoinreamh nó san eispéireas, tógtar sinn isteach in oll-mhistéir beatha shíoraí an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Tríd an Bhaisteadh tá an bheatha seo againn cheana féin. Tá iontráil déanta againn freisin i mistéir an bháis, atá athruithe choíche ag aiséirí Críost. I gCríost ní críoch atá sa bhás dúinn ach ‘Cáisc’ isteach i bhfírinne agus isteach i mbeatha nach féidir linn a shamhlú toisc gur beatha shíoraí atá ann lastall den bhás.

(1 Cor 13:12; 15:42-44; 1 Eoin 3:2)

Ní próiseas fisiciúil agus próiseas síceolaíoch amháin atá sa bhás; réaltacht spioradálta atá ann freisin. Gan an ghné seo fágtar bocht agus teoranta aon iarracht a dhéanaimid brí a chur ar an mbás. Sa chreideamh, tá a fhios againn go bhfuil luach ag an mbeatha nach féidir a thomhas nó a thrádáil. Is cuma cé chomh gairid is atá sé, nó cén riocht atá uirthi, tá feidhm le gach beatha agus tá grásta ag baint léi. Seo í an chúis nach ceart dúinn a bheith curtha ina luí orainn go bhfuil maolú ar bheatha an duine má tá éagumas nó laige ag baint léi, nó nach féidir lena léithéid daoine eile a shaibhriú, lean ar aghaidh ag fás agus glóir a thabhairt do Dhia a chruthaigh ina dheilbh féin iad. Níl an bheatha sealbhaithe againn mar rud ábharach ar féidir í a úsáid agus a dhiúscairt gan cuma. Bronntanas atá sa bheatha sealbhaithe ó Dhia, ní amháin go dtugann sé dúinn í ach slánaíonn sé í chomh maith.

Níor chruthaigh Dia sinn don bhás ach don bheatha.

Níl cosaint faoi leith ag an bheatha Chríostaí ó ghalair, ón phian nó ón bhás, ach tá a fhios againn gur féidir teacht ar Dhia ina léithéid agus bheith mar fhinné air, ár dTiarna sa bheatha agus sa bhás (Filip 1:21). Ag dul i ngleic lena léithéid is féidir linn dul níos doimhne i mistéir na páise agus i mistéir a aiséirí i dtreo is go mbeidh ár mbeatha, aontaithe le beatha Críost, mar ghrásta do dhaoine eile.

Go minic ní cúram éasca atá sa mhéid seo; is minic eagla agus imní thar na bearta ag teacht orainn agus mothaimid go mbíonn neart faoi

leith ag teastáil. Ach, fiú ina léithéid de chás, nílimid inár seasamh linn féin. Táimid iata i gcomhluadar an chreidimh a iomparáinn sinn sa bheatha seo agus sa bheatha atá le teacht. Is fíor an méid seo – ach go háirithe sna sacraimintí: Athmhuintearas a chuireann maithiúnas ar fáil, Ola na nEaslán a thugann athshlánú agus sólás dúinn agus Viaticum (Comaoineach Naofa dóibh siúd ag fáil bháis) a thugann neart dúinn don aistear isteach i dtuiscint, i bhfírinne agus i mbeatha láithreach Dé. Trí bhronntanas fhoighneach an churaim agus an ómóis a thugtar dúinn nuair atáimid leochaileach go fisiciúil agus go spioradálta, buailimid le comharthaí grá Dé agus le beatha slánaithe ríocht Dé atá beo i gcónaí sa domhan. I mbealaí éagsúla, i mbealaí atá ceilte agus i mbealaí atá le feiceáil, ag uair ár mbáis, is cuma sinn a bheith comhfhiosach nó gan a bheith, is cuma sinn a bheith aonarach nó i dteannta clainne agus cairde, bíonn an Eaglais i láthair go ciúin agus go hurnaitheach. Nuair a bhíonn sé seo le feiceáil againn, tuigimid cé chomh mór is atá comhluadar an ghrá ina bhfuilimid lonaithe. Is ansin gur féidir linn a fheiceáil go bhfuil an grá a bhí againn íonaithe agus cruinnithe le grá Dé. Seo é an grá a bhuann ar an mbás; an grá atá ina shlí, ina fhírinne agus ina bheatha dúinn (Eoin 14:5-6).

Ní bhriseann an bás naisc an ghrá. Nuair a bhíonn cara nó gaol againn básaithe, fágtar easpa nach féidir a líonadh. Cailtear cuid ionainn féin nach féidir a athchur riamh. Uaireanta, is féidir linn ligean leis na maraibh le faoiseamh, ach anois is arís bíonn mothú ciontacha ann nuair a meabhraítear ar an méid nár dúradh nuair a bhí an deis ann nó ar an méid nár deineadh nuair a bhí an seans ann.

Fiú amháin ansin bíonn a fhios againn gur gníomhartha grá atá sna paidreacha a deirimid ar son na daoine ‘atá imithe romhainn faoi shéala an chreidimh’ agus go mbainfidh siad tairbhe astu. Tugaimid chun chuimhne iad gach lá ag an altóir go dtí go seasfaimid leo i láthair Críost. Tá a fhios againn freisin, go mbainimid neart agus sólás ó phaidreacha na ndaoine atá imithe romhainn. Séard atá i gcomaoin na naomh ná an cumann grámhar, an cumann sa bheatha síoraí, a bhfuil ár dtriall trí ghrásta Chríost.

I ngach Aifreann táimid i láthair Críost agus páirteach in A Cháisc. Bíonn tadhall againn le mistéir an bháis ach anois bíonn sé le feiceáil againn trí mhórmhistéir A ghrá nach féidir a chloígh. Is anseo gur ionann sacraimint

Sa chreideamh, tá a fhios againn go bhfuil luach ag an mbeatha nach féidir a thomhas nó a thrádáil.

láithreach Chríost agus sacraimint teagmháil Chríost. Tá gach duine bailithe tríd, agus leis, agus ann, ní amháin sa bheatha seo ach sa bheatha atá le teacht freisin. Tá ráite go hálainn in O Sacrum Convivium, aintefan ársa Féile Chorp Chríost, an fhírinne atá ag croí an chreidimh, ‘Ó féasta naofa! Ina chuirtear fáilte roimh Chríost, déantar athnuachan ar chuimhne a Pháise, líontar an intinn le grásta, agus tugtar gealltanas dúinn don ghlóir atá le teacht.’